AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2000**

# LÉANN CLASAICEACH — ARDLEIBHÉAL

**(400 marc)**

DÉ CÉADAOIN, 21 MEITHEAMH TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00

- Tá ceisteanna anseo ar DHEICH dTOPAIC.

- Tá na topaicí eagraithe ina dtrí ghrúpa mar a leanas:

  Grúpa I : Topaicí 1 go 4.
  Grúpa II : Topaicí 5 go 7.
  Grúpa III : Topaicí 8 go 10.

- Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt faoi CHEITHRE THOPAIC mar a leanas:
  Ní mór topaic amháin a ghlacadh as **gach grúpa ar leith,** agus is féidir an ceathrú topaic a roghnú as aon cheann de na trí ghrúpa.

- Tá 100 marc ag dul do gach topaic.

- Tá na fótagraif, a mbíonn gá leo le ceisteanna ar Thopaicí 8 agus 10 a fhreagairt, le fáil ar pháipéar, a bhfuil X marcáilte air, atá ina theannta seo.

**GRÚPA I: Topaicí 1 go 4**

**Topaic 1. An Aithin I mbun Cogaíochta.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):

(i) Ag tarraingt duit as a bhfuil léite agat de *Stair an Chogaidh Pheilpinsigh* le Tuicididéas, cad é do mheas ar an taoiseach Aithneach Peiricleás? (50)

(ii) (*a*) Inis cé mar a ghabh na hAithnigh Delium agus cé mar a briseadh orthu ina dhiaidh sin ag cath Oropus. (35)

(*b*) An gceapfá nár chloígh na hAithnigh sa chomhrac seo leis an straitéis a bhí leagtha síos ag Peiricleás leis an gcogadh a fhearadh? Cuir fáthanna le do fhreagra. (15)

(iii) Meáigh an tábhacht a bhain leis an nginearál Spartach Gylippus i mbriseadh na nAithneach i Syracusa. (50)

(iv) Sa bhliain 415 R Ch labhair Nicias i nDáil na hAithne i gcoinne sluaíocht a chur chun na Sicile agus d'ionsaigh sé Alcaibiaidéas go pearsanta. Chosain Alcaibiaidéas a chlú agus labhair sé i bhfabhar na sluaíochta.

Aithris go hachomair na hargóintí a bhí ag an **mbeirt** fhear. (50)

---

**Topaic 2. Alastar Mór.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) Tháinig na taoisigh Pheirseacha le chéile, maraon le Méanmnón Ródas, le beartú ar conas a thabharfaidís aghaidh ar Alastar tamall gairid tar éis dó an Áise Bheag a shroicheadh.

(*a*) Cad iad na roghanna a phléigh siad, agus cén fáth ar bheartaigh siad ar dhul i gcath le hAlastar ag abhainn an Ghranicus? (20)

(*b*) Rianaigh go hachomair cé mar a troideadh an cath seo. (30)

(ii) (*a*) Tábhacht Pharmenio i bhfeachtais Alastair a phlé. (35)

(*b*) Cad é do mheas ar cé mar a réitigh an bheirt fhear le chéile? (15)

(iii) (*a*) Déan cur síos ar cé mar a bhuail tinneas an bháis Alastar agus mar a fuair sé bás. (20)

(*b*) Cén léargas ar Alastar a thugann a iompar agus é ag saothrú an bháis? (20)

(*c*) Cé mar a thráchtann Arrian agus Plútarc ar ráflaí go raibh baint ag Arastotail le bás Alastair? (10)

(iv) Leis na céadta bliain ó bhás Alastair anall is mór an moladh agus is mór an cáineadh atá déanta ar a thréithe.

Ag tarraingt duit as a bhfuil léite agat de shaothar Arrian agus Phlútairc, cad é do mheas-sa ar thréithe Alastair? (50)

---

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):

(i) Pléigh an tuairim gurbh é an deachtóir Sulla an té ba mhó tionchar ar Phoimpéas agus Chaesar go luath ina ngníomhréim. (50)

(ii) '… is é an fáth a raibh Ciccaró mór le Caesar óg dáiríre, ná an ghráin a bhí aige ar Antaine ar an gcéad dul síos.' (Plútarc, *Cicearό*)

(*a*) Cén fáth a raibh gráin ag Ciccaró ar Antaine? (20)

(*b*) Déan cur síos ar an tacaíocht a thug Ciccaró do Chaesar óg (Ochtáivian) agus mínigh conas a léirigh an tacaíocht sin fíor mhístuaim i gcás Chiccaró. (30)

(iii) 'Ar an gcéad dul síos, a chathróirí, cuirfidh mé ar an eolas sibh faoi na grúpaí éagsúla atá rannpháirteach i bhfórsaí Chaitilín.' (Ciccaró, sliocht as *Lactor* 7)

(*a*) Déan cur síos ar na grúpaí atá luaite thuas. (30)

(*b*) Cad a chuireann comhpháirteanna na ngrúpaí seo in iúl dúinn faoi chúrsaí na Róimhe ag an am sin? (20)

(iv) Ag tarraingt duit as a bhfuil léite agat den ábhar dualgais, cad iad na tosca ba thábhachtaí, dar leat, a bhain le cumhacht a ghabháil sa Róimh in aimsir na Poblachta Déanaí? (50)

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):

(i) (*a*) Cuntas a scríobh ar shaol Iúlia, aonghin an Impire Ágastas. (40)

(*b*) Cad é do mheas ar cé mar a chaith Ágastas léi? (10)

(ii) Mhaígh Tacatas go raibh sé ag scríobh gan chlaonadh gan ghráin. I bhfianaise a bhfuil léite agat den tuairisc a thugann sé ar an Impire Tibéirias, an gceapann tú gur chloígh sé leis an mana sin? (50)

(iii) (*a*) Déan cur síos ar dhóiteán mór na Róimhe, agus ar iompar Néaró le linn an dóiteáin agus ina dhiaidh. (40)

(*b*) Cad é do mheas ar an trácht a dhéanann Tacatas ar na Críostaithe ina thuairisc ar an eachtra seo? (10)

(iv) (*a*) Déan cur síos ar cé mar a bhí an saol ag fir shaortha le linn don Impire Claudius a bheith i réim. (40)

(*b*) Cén fáth ar thug Claudius an oiread sin cumhachta d'fhir shaortha seachas baill den aicme sheanadóiriúil? (10)

---

**GRÚPA II: Topaicí 5 go 7**

**Topaic 5. An Dramaíocht Ghréagach.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):

(i) Is léir gur fear den chéad scoth é Éadapús.'
In *Éadapús Rí* le Sofaicléas, cad a chruthaíonn gur 'fear den chéad scoth' é Éadapús? (50)

(ii) Na saghasanna éagsúla grinn atá le sonrú i *Na Froganna* le hArastofainéas a chíoradh. (50)

(iii) I *Proiméitiús faoi Laincis* le hAescaileas, cuir an dearcadh atá ag Proiméitiús ar dhaonnaithe i gcomparáid le dearcadh na ndéithe eile ar dhaonnaithe. (50)

(iv) 'Níl amhras ar bith ná go dtugann an *Mhéidia* aird ar leith ar na fadhbanna a bhaineann le hionad na mban sa tsochaí dhaonna.' An ghluais seo a phlé agus tagairt chuí a dhéanamh don dráma. (50)

**Topaic 6.** **An Eipic Ársa.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):

(i) Pléigh an tuairim go dtugann an *Odaisé* míomhléiriú i bhfad níos foirfe ná mar a thugann an *Táin* ar raon slite maireachtála agus daoine ilghnéitheacha. (50)

(ii) Tagann fás faoin mianach atá i dTeilimiceas de réir mar a théann an *Odaisé* ar aghaidh. Tar éis dó a bheith ina ógánach scáfar duaire, éiríonn leis in am trátha taca láidir ceannasach a thabhairt dá athair leis na Suirígh a chloí

An éabhlóid seo a rianadh. Mínigh cad ba bhun leis an éabhlóid. (50)

(iii) (*a*) Rianaigh an pháirt atá ag Iúnó san *Aéinéid* le Veirgil. (40)

(*b*) I bhfianaise a heompair, cad a thugtear dúinn faoi dhearcadh na ndéithe ar dhaonnaithe? (10)

(iv) 'Is fíor go bhfuil sé ag dul abhaile, ach ní mian leis go n-imeodh aon rud – ná aon bhronntanas thairis agus é ar a bhealach, agus teastaíonn uaidh a chinntiú go mbeidh sé ina gcuimhne ag na daoine a chastar air nach aon duine eile atá ann ach é féin, Odaiséas, curadh chath na Traí.'

An ráiteas seo a phlé agus tagairt chuí a dhéanamh d'eachtraí Odaiséis nuair a d'fhill sé ar Ithicé. (50)

---

**Topaic 7.** **Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) (*a*) Sna dánta dualgais, cad iad na nithe a léiríonn, dar leat, meon Veirgil i leith na feirmeoireachta agus na tuaithe? (40)

(*b*) An gceapann tú go bhfuil a dhearcadh ar shaol na tuaithe réadúil? (10)

(ii) '… ach an rud a mheall mórán glúnta ná an scil aoibhinn atá aige mar scéalaí.'

An tuairisc seo a phlé agus tagairt chuí a dhéanamh don dán *Baucis agus Philemon* le hOivid. (50)

(iii) Cad é do mheas ar Phropertius i bhfianaise na ndánta atá ar do chúrsa? (50)

(iv) Bhí na húdair dhualgais go léir ag gabháil dá gcuid scríbhinní i gcaitheamh réimeas an Impire Ágastas. Cad iad na téamaí céanna a thugann tú faoi deara i saothar na n-údar seo? (50)

---

**GRÚPA III: Topaicí 8 go 10**

**Topaic 8.** **Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist).-

(i) Scrúdaigh an vása a taispeántar **bhFótagraf A** ar **Pháipéar X.**

(*a*) Cén t-ainm a thugtar ar chruth áirithe an vása seo? (10)

(*b*) Cén t-ionad potadóireachta arb as dó? (10)

(*c*) Déan cur síos ar an ornáidíocht atá ar an vása. (30)

(ii) Scrúdaigh **Fótagraf B** ar **Pháipéar X.**

(*a*) Ainmnigh an foirgneamh agus luaigh ainmneacha na n-ailtirí. (15)

(*b*) Aimsigh gné Iónach **amháin** den teampall seo. (10)

(*c*) 'Tugadh isteach míníntleachtaí le beocht a chur sa dearadh agus le seachmaill radhairc a cheartú.' Mínigh an ráiteas seo le Richter. (25)

(iii) I **bhFótagraif C** agus **D** ar **Pháipéar X** taispeántar *korai* a bhaineann leis an Tréimhse Ársa Luath agus leis an Tréimhse Ársa Dhéanach faoi seach.

(*a*) Cad iad na gnéithe de **C** atá gnáthúil sa Tréimhse Ársa Luath? (20)

(*b*) Tabhair cuntas ar na hathruithe a tharla ar dhealbha baineanna ó **C** go **D**. (20)

(*c*) Luaigh difríocht **amháin** sa tslí a dtugtar faoi dhealbha fireanna (*kouroi*) agus dealbha baineanna (*korai*) a chumadh sa Tréimhse Ársa. (10)

(iv) Taispeántar dealbh den dia Apalló i **bhFótagraf E** ar **Pháipéar X.**

(*a*) Ainmnigh dealbhóir na deilbhe seo. (10)

(*b*) Cad iad na gnéithe den dealbh seo atá gnáthúil sa tréimhse seo? (20)

(*c*) Cad iad na hathruithe a thugann tú faoi deara ar an dealbh seo i gcomparáid le dealbha a bhaineann leis an Tréimhse Chlasaiceach? (20)

---

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):

(i) 'Caithfimid glacadh leis seun sean go bhfail Platón róthugtha do dhul i mainín na láimhe láidre agus na lúbaireachta in ionad cúram a dhéanamh de leas an phobail.'
An ráiteas seo a phlé agus tagairt chuí a dhéanamh do *An Phoblacht* le Platón. (50)

(ii) Rianaigh cé mar a dhéanann Sócraitéas cur síos ar bhunús na sochaí céadrata, ar an éabhlóid anall go dtí an tsochaí 'Shibhialta' agus ar na fáthanna leis an gcogaíocht a bheith dosheachanta. (50)

(iii) Cad é do mheas ar Phlatón faoi mar a chuirtear in ár láthair é in *Beatha Dión* le Plútarc? (50)

(iv) (*a*) Inis go hachomair an díospóireacht idir Sócraitéas agus Ceifealas faoin tseanaoise? (35)

(*b*) Tabhair do mheas ar an fhreagra a thug Ceifealas ar an gceist seo a chuir Sócraitéas: 'An maolaíonn maoin an tsaoil ainnise na seanaoise?' (15)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):

(i) I **bhFótagraf F** ar **Pháipéar X** taispeántar plean an bhaile d'Aosta (Augusta Praetoria).

(*a*) Ainmnigh na tréithe sonracha ag **d, e, ff, gg.** (12)

(*b*) Cén fáth ar bunaíodh an baile san ionad áirithe seo, agus cérbh iad na háitreabhaigh is túisce a chuir fúthu ann? (15)

(*c*) Cad tá a i gceist ag Wheeler nuair a deir sé faoi bhailte dá leithéid seo: 'Tá iarracht de chruach intinn mhíleata na Rómhánach imithe isteach sa traidisiún Gréagach atá bunaithe ar an gclár fichille'? (23)

(ii) I **bhFótagraf G** ar **Pháipéar X** taispeántar plean de Theach Folctha Haidriain i Lepcis Magna. I **bhFótagraf H** taispeántar athdhéanamh den *frigidarium* sa Teach Folctha céanna.

(*a*) An ráiteas seo le Wheeler a phlé: 'Léiríonn Teach Folctha Haidriain i Lepcis Magna aibíocht agus foirmiúlacht ina phlean.' Ní mór duit eolas ar na codanna éagsúla den Teach Folctha a thaispeáint i do fhreagra. (30)

(*b*) Tabhair do mheas ar úsáid na háirse agus na bpiléar i **bhFótagraf H** an **Pháipéar X**. (10)

(*c*) Meastóireacht ghairid a scríobh ar an tábhacht a bhain leis an Teach Folctha i saol na mbailte Rómhánacha. (10)

(iii) Scrúdaigh **Fótagraf I** ar **Pháipéar X**.

(*a*) Mínigh cén fáth a bhfuil an fear ag iompar na mbustaí seo. (10)

(*b*) Cad iad na tréithe a léiríonn gur dealbhóireacht Rómhánach shainiúil í seo? (25)

(*c*) Cén fáth, dar leat, arbh é an saghas seo forbartha a tháinig ar an dealbhóireacht phortráide Rómhánach? (15)

(iv) I **bhFótagraf J** agus **K** ar **Pháipéar X** taispeántar dhá shampla den phéintéireacht balla as ceantar na Poimpé.

(*a*) Cén stíl Phoimpéach lena mbaineann **J** agus **K** faoi seach? (10)


(*b*) Cur síos mion agus meastóireacht a dhéanamh ar **gach ceann** de na péintéireachtaí seo. (40)

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2000**

LÉANN CLASAICEACH — ARDLEIBHÉAL

# PÁIPÉAR X

**A**



**B**




**C**




**D**




**E**




**F**



**G**




**H**



**I**



**J**



**K**



Baineadh Fótagraif A, B, C, D agus E as *A Handbook of Greek Art*, G. Richter, Phaidon Press, 4th Edition 1995
Baineadh Fótagraif F, G, H, I, J agus K as *Roman Art and Architecture*, M. Wheeler, Thames and Hudson, London 1964